

Bileog 3.1**Caitheamh Aimsire****Cuid A**

Féach ar an liosta seo de chineálacha caitheamh aimsire. An féidir leat na focail sa liosta a chur isteach sna colúin chuí sa bhosca thíos?

snámh, litríocht, stair, peil, leadóg, ceolchoirm, damhsa, amharclann, rugbaí, seoltóireacht, pictiúrlann, dráma, scannán, léitheoireacht, iascaireacht, taistéal, cispheil, seisiún ceoil, galf, siúl, teach tábhairne, rothaíocht.

A – Cinnte (Tá tú cinnte cad is brí leo)	B – Idir eatarthu (Is féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin bhrí)	C – Éiginnte (Níl a fhios agat cad is brí leo)

Anois labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na focail chéanna ar eolas agaibh. An féidir libh smaoineamh ar chaitheamh aimsire ar bith eile?

Cuid B

Déan liosta de na cineálacha caitheamh aimsire atá agat féin. Má tá caitheamh aimsire agat nach bhfuil sa liosta thuas iarr ar an mhúinteoir cuidiú leat Gaeilge a chur air. Cad atá ar liosta an duine in aice leat?



Bileog 3.2**Is maith liom . . .****Cuid A**

Éist leis na struchtuir seo ar an téip.

Is maith liom galf a imirt
 Is maith liom dul ag snámh
 Is maith liom bheith ag léamh

An bhfuil abairt ar bith eile ar eolas agat le cur síos ar chaitheamh aimsire?

Cuid B

Roghnaigh na frásáí cearta ón bhosca ar dheis le dul isteach sna bearnaí thíos.

1. Is maith liom _____ a imirt.
2. Is maith liom dul _____.
3. Is maith liom bheith _____.
4. Is breá liom bheith _____.
5. Is fuath liom _____ a imirt.
6. Is maith liom dul _____.
7. Is breá liom dul _____.
8. Is fuath liom bheith _____.
9. Is maith liom _____ a imirt.
10. Is maith liom dul _____.

ag snámh
galf
chuig drámaí
ag éisteacht le ceol
peil
go dtí an phictiúrlann
ag féachaint ar an teilifís
rugbaí
ag siúl
ag léamh

Cuid C

Bain úsáid as na samplaí thuas leis an chaitheamh aimsire atá agat féin a chur in abairtí. Cad a scríobh an duine in aice leat?

Bileog 3.3**Máire agus Jan****Cuid A**

Sula n-éisteann tú leis an téip léigh an t-alt beag thíos faoi Mháire agus Jan. Scríobh na focail nach bhfuil tú cinnte faoina mbrí sa bhosca agus pléigh leis an duine in aice leat iad.



Tá Cormac imithe abhaile. Tá sé ólta. Is maith le Jan Máire go mór. Ba mhaith leis bualach léi arís. Tá siad ag labhairtanois faoi cad é a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu. Ba mhaith le Máire bualach le Jan arís chomh maith. Tá suim acu sa chaitheamh aimsire céanna!

Cuid B

Féach ar na cineálacha caitheamh aimsire thíos. Cloisfidh tú Máire agus Jan ar an téip anois ag caint faoi cad é a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu. Éist leis an téip agus cuir tic sna pictiúir a léiríonn an caitheamh aimsire a luaitear sa chomhrá.

Damhsa 	Seoltóireacht 	Pictiúrlann 	Leadóg 	Léamh
Leadóg tábla 	Snámh 	Siúl 	Lascaireacht 	Galf

Cuid C

Scríobh féin agus an duine in aice leat gach caitheamh aimsire thuas in abairt.

1. Is maith liom dul ag damhsa

2. _____

3. _____

4. _____

5. _____

6. _____

7. _____

8. _____

9. _____

10. _____

Bileog 3.4**Sílim go bhfuil...****Cuid A**


Pléigh brí na n-abairtí seo leis an duine in aice leat.

Is maith liom rugbaí, sílim go bhfuil sé ar fheabhas.

Ní maith liom dul go dtí an teach tábhairne ar chor ar bith, sílim go bhfuil sé an-leadránach.

Cuid B

Scríobh féin agus an duine in aice leat deich n-abairt cosúil leis na habairtí thusa faoi na cineálacha caithimh aimsire atá sna boscaí. Bainigí úsáid as na haidiachtaí chomh maith!

An-suimiúil	An-leadránach	An-mhaith	An-deacair	
				
				

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

Cuid C

Cuir ceist ar an duine in aice leat an maith leis/léi caitheamh aimsire áirithe. Ná déan dearmad ar an fhoirm threise! Féach ar an sampla seo:

An maith leat peil?

Is maith/ní maith. An maith leatsa peil?

Bileog 3.5

An bhfuil suim agat...?

Cuid A

Féach ar an cheist seo:

An bhfuil suim agat sa stair?

Féachanois ar na freagraí éagsúla is féidir a thabhairt ar an cheist chéanna. Cuir na freagraí san ord ceart ó thaobh dearfachta de. Cuir uimhir 1 in aice leis an abairt is dearfaí, uimhir 2 in aice leis an abairt ata idir eatarthu agus uimhir 3 in aice leis an abairt is diúltai.

Níl móran suime agam inti.

Níl suim ar bith agam inti.

Tá suim mhór agam inti.

Cuid B

Éist le cainteoirí éagsúla ag rá an bhfuil suim acu i rudaí áirithe. Scríobh na freagraí – (i) an caitheamh aimsire agus (ii) an bhfuil suim acu ann nó nach bhfuil - sna bearnaí thíos i ndiaidh gach cainteoir.

Cainteoir 1



Cainteoir 2



Cainteoir 3



Cainteoir 4



Cainteoir 5



Bileog 3.6**An bhfuil suim agat...?**

Céim 1: Féach ar an bhosca thíos. Sa cholún Tú Féin cuir siombal in aice le gach abairt sa cholún ar chlé le léiriú an bhfuil suim agat sa rud sin nó nach bhfuil. Féach ar an eochair seo:



Tá suim mhór agam ann/inti.



Níl mórán suime agam ann/inti.



Níl suim ar bith agam ann.

Céim 2: Beidh tú ag obair leis an duine in aice leat i gceann cúpla bomaite. Sula gcuireann tú na ceisteanna air/uirthi tabhair buille faoi thuairim faoin tsuim a shíleann tusa atá aige/aici sna topaicí thíos (an dara colún).

Céim 3. Anois cuirigí ceisteanna ar a chéile le fáil amach an raibh an ceart agaibh faoi na rudaí a bhfuil nó nach bhfuil suim agaibh iontu (an tríú colún).

Ceisteanna	Tú féin 	Do chara 	Ceart?
An bhfuil suim agat: <ul style="list-style-type: none"> - sa pholaitíocht? - i gceol traidisiúnta? - sa stair? - sa léitheoireacht? - i rugbaí? - i Wimbledon? - i bParis Hilton? - san iascaireacht? - i dtaistéal? - i sacar? 			

Bileog 3.7 An Aimsir Láithreach**Cuid A**

Féach ar na briathra seo a bhaineann le caitheamh aimsire. Cad is brí leo?

Imigh
Féach
Léigh

Síl
Éist
Seinn

Imir
Siúl
Ceannaigh

Cuid B

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na deirí cearta a chur leis na briathra thuas? Leanaigí an sampla sa chéad cholún. Tá dhá ghrúpa briathra ann: siolla amháin agus dhá shiolla.

Siolla amháin


Síl					
Sílim					
Síleann tú					
An síleann tú?					
Silím/ní shílim					

Dhá shiolla

Ceannaigh	
Ceannaím	
Ceannaíonn tú	
An gceannaíonn tú?	
Ceannaím/ Ní cheannaím	

Cuid C

An bhfuil briathar ar bith eile a bhaineann le caitheamh aimsire ar eolas agaibh?



Bileog 3.8 An Aimsir Láithreach – Briathra Mírialta

Cuid A

Seo thíos na briathra mírialta san Aimsir Láithreach. Bí ag obair leis an duine in aice leat – caithfidh sibh na briathra ar fad a scríobh i ngach pearsa bunaithe ar an cheist agus ar an fhreagra atá tugtha. Scríobhadh duine agaibh cúig cinn agus an duine eile ceithre cinn agus ansin malartaígí – an mbeidh aon rud difriúil scríofa agatsa leis an duine in aice leat?

Tar Tagaim Tagann tú Tagann sé/sí Tagaimid Tagann sibh Tagann siad An dtagann sé? Tagann/ní thagann	Téigh _____ _____ _____ _____ An dtéann tú? Téim/Ní théim	Feic _____ _____ _____ _____ An bhfeiceann tú? Feicim/Ní fheicim	Clois _____ _____ _____ _____ An gcloiseann tú? Cloisim/Ní chloisim
Déan _____ _____ _____ An ndéanann sé? Déanann/Ní dhéanann	Abair _____ _____ _____ An ndeir tú? Deirim/Ní deirim	Beir _____ _____ _____ An mbeireann sé? Beireann/Ní bheireann	Faigh _____ _____ _____ An bhfaigheann tú? Faighim/Ní fhaighim
Ith _____ _____ _____ An itheann siad? Itheann/Ní itheann	Tabhair _____ _____ _____ An dtugann sé? Tugann/Ní thugann	Bí _____ _____ _____ An mbíonn sé? Bíonn/Ní bhíonn	Cuid B <i>Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na briathra scríofa go cruinn agaibh. Pléigí brí na mbriathra le chéile chomh maith</i>

Bileog 3.9 Tá mé i mo bhall de chlub!**Cuid A**

Roghnaigh na foirmeacha cearta den fhocal ‘ball’ ón liosta thíos agus cuir isteach sna bearnaí sna habairtí iad.

i mo bhall
i do bhall
ina bhall
ina ball
ina mbaill

Tá sé _____ de chlub leadóige.

Tá mé _____ de chlub peile.

Tá siad _____ den Chumann Gaelach.

Tá tú _____ de chumann siúl sléibhe.

Tá sí _____ de chumann staire.

Tá siad _____ de chlub seoltóireachta.

Tá mé _____ de chlub sacair.

Tá sí _____ de chumann léitheoireachta.

Tá tú _____ de chlub damhsa.

10.Tá sé _____ de chumann litríochta.

Cuid B

Éist leis an téipanois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Bileog 3.10 Tá mé i mo bhalla de chlub!**Cuid A**

Tagann athrú ar an ainmfhocal nuair a thagann sé i ndiaidh an fhocail club nó cumann. Cén fáth? Roghnaigh an fhoirm cheart den ainmfhocal ón liosta.

Cumann	_____
Club	_____

Scannán	Scannáin
Léitheoireachta	Léitheoreacht
Siúlóid	Siúlóide
Ceoil	Ceol
Staire	Stair
Drámaíocht	Drámaíochta
Seoltóireachta	Seoltóireacht
Leadóige	Leadóg
Snámh	Snámha
Iascaireacht	Iascaireachta
Gailf	Galf
Peil	Peile
Taistil	Taisteal
Fíon	Fíona
Rothaíochta	Rothaíocht



Cuid B

Tabharfaidh an múinteoir dhá phictiúr duitanois. Tá tú i do bhalla de chlub nó de chumann a bhaineann leis an spórt nó an caitheamh aimsire atá agat sa dá phictiúr. Siúil timpeall an ranga agus cuir ceist ar dhaoine éagsúla an bhfuil siad ina mbaill de chlub nó de chumann ar bith. Féach ar an cheist seo:

An bhfuil tú i do bhalla de chlub ar bith?
Tá. Tá mé i mo bhalla de chlub sacair.

Bileog 3.11 Tá mé i mo bhalla de chlub. . .

Don mhúinteoir



Bileog 3.12 Anois is arís!**Cuid A**

Féach ar an liosta seo d'fhocail agus de fhrásáí a léiríonn tréimhsí ama. An féidir leat na focail sa liosta a chur isteach sna colúin chuí sa bhosca thíos?

anois is arís, uair sa tseachtain, tráthnóna, nuair a bhíonn an t-airgead agam, go minic, go hannahm, uair sa mhí, gach coicís, i gcónaí, maidin, de ghnáth, ar maidin.

A – Cinnte (Tá tú cinnte cad is brí leo)	B – Idir eatarthu (Is féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin bhrí)	C – Éiginnte (Níl a fhios agat cad is brí leo)

Anois labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na focail chéanna ar eolas agaibh. An féidir libh smaoineamh ar fhocal nó ar fhrásá ar bith eile?

**Cuid B****Agallamh na Seachtaine**

Éist le Sinéad ag cur agallaimh ar Sheán Mac Aodh faoi cad a dhéanann sé ina am saor agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt. Pléigh na freagraí ansin leis an duine in aice leat.

1. Cén cumann a bhfuil Séan ina bhalla de?

snámha seoltóireachta staire léitheoireachta

2. Cé chomh minic is a imríonn sé galf?


gach maidin uair sa tseachtain anois is arís uair sa mhí

3. Cé chomh minic is a théann sé ag snámh?

gach maidin gach coicís go hannahm uair sa mhí


Bileog 3.13**Cé chomh minic?****Cuid A**

Bain úsáid as na focail atá sna boscaí thíos le cuntas beag gairid a scríobh faoi cé chomh minic is a dhéanann tú rudaí áirithe san am atá saor agat.

**Cuid B**

Anois, labhair leis an duine in aice leat agus cuir ceist air cad é a dhéanann sé nuair a bhíonn am saor aige, agus cé chomh minic is a dhéanann sé na rudaí éagsúla. Féach ar na samplaí seo:

Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?
Cé chomh minic is a imríonn tú galf?

Bileog 3.14**Scéal!***Don mhúinteoir!*

Bileog 3.15

Scéal - Deireadh Seachtaíne Lisa

Cuid A



Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cuirigí na pictiúir a thug an múinteoir daoibh in ord le scéal beag a chumadh san Aimsir Láithreach – cad é a dhéanann Lisa ag an deireadh seachtaine. Scríobhaigí an scéal sa chéad phearsa. Nuair atá na pictiúir curtha le cheile in ord scéil insígi an scéal dá cheile.

Cuid B

Scriobhaigí na briathra a bheidh ag teastáil uaibh sna boscaí cuí. Beidh cúpla briathar ag teastáil nach bhfuil déanta agaibh go dtí seo. Cuir na briathra úd as Béarla sa cholún ‘Briathra le Cuardach’. Cuir ceist ar an múinteoir faoi na briathra sin nó aimsigh san fhoclóir iad.

Briathra Rialta	Briathra Mírialta	Briathra le Guardach

Cuid C

Anois scríobhaigí an scéal a chum sibh thíos. Bainigí úsáid as an oiread focal agus frásai agus is féidir. Féachraigí siar ar na nótaí ar an Aimsir Láithreach chomh maith!

Bileog 3.16**Sceideal TG4****Cuid A**

Beidh an múinteoir ag tabhairt sceideal TG4 duitanois. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuir na cláir éagsúla sa sceideal isteach sna boscaí cuí thíos. Cabhróidh an múinteoir libh le focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh:

	Cláir Spóirt
	Cláir Chultúrtha
	Sobalchláir
	Cláir Chúrsaí Reatha
	Cláir Faisnéise

Cuid B

Anois roghnaigh na cláir is fearr leatsa. Bí ag caint leis an duine in aice leat le fáil amach cad iad na cineálacha clár is maith leis/léi agus cén t-am/cén lá atá siad ar siúl. Ná déan dearmad ar na ceisteanna/freagraí seo le cuidiú libh:

An maith leat cláir chultúrtha?

Is maith. Is breá liom cláir cheoil. Is é Siar an Bóthar an clár is fearr liom.

Cé chomh minic is atá sé ar siúl?

Uair sa tseachtain, gach oíche Dé hAoine. An bhfuil suim agatsa i gcláir chultúrtha?

Níl mórán suime agam iontu. Is maith liom cláir faisnéise.